

Oifig Faisnéise  
Áras Talmhaíochta  
Sráid Chill Dara  
Baile Átha Cliath 2



Press/Information Office  
Agriculture House  
Kildare Street  
Dublin 2  
D02 WK12

Guthán: (01) 607 2802

Twitter:   
R-phost: [press@agriculture.gov.ie](mailto:press@agriculture.gov.ie)  
Gréasán: [www.agriculture.gov.ie](http://www.agriculture.gov.ie)

---

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin bpreaseisiúint seo, déan teagmháil, le do thoil, le [press@agriculture.gov.ie](mailto:press@agriculture.gov.ie)

89/17

An 17 Bealtaine 2017

**Tugann an tAire Doyle Nuashonrú maidir le Talamh Thalmhaíochta agus Foraoise**  
**Dhóite**

**Tá Gach Ceann de na Cásanna á nImscrúdú ag an Roinn inar Dódh Talamh go**  
**Neamhdhleathach**

Thug an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, T.D., nuashonrú inniu ar an tsaincheist a bhaineann leis an dó neamhdhleathach a rinneadh le déanaí ar thalamh thalmhaíochta agus foraoise ónar eascair gur bhris tinte móra amach i gcontaetha éagsúla ar fud na tíre. Déantar an nuashonrú seo i ndiaidh gur thug an tAire Doyle cuairt ar shuíomh na dtinte aitinn a thit amach le déanaí i nGleann na Cluaise i nGaillimh. Rinne tinte fairsinge gan smacht a lasadh ar fud na tíre le déanaí díobháil mhór do cheantair mhóra thalamh thalmhaíochta agus foraoise.

Dúirt an tAire Doyle, agus é ag caint faoin díobháil, *“Tá anailís á déanamh ag oifigigh i mo Roinn faoi láthair ar réimse leathan d’íomhánna satailíte chun talamh a dódh go neamhdhleathach i rith an tséasúir shonraithe dhúnta chun talamh a dhó a shainithint. Tá scrúdú á dhéanamh, chomh maith, ar íomhánna stairiúla satailíte mar chuid den phróiseas seo. Measfar go mbeidh talamh thalmhaíochta agus foraoise incháilithe a sainithníodh amhail bheith dóite go neamhdhleathach mar chuid den imscrúdú seo neamh-incháilithe le haghaidh íocaíochta faoin scéim Buníocaíochta agus faoi scéimeanna ceantarbhunaithe eile.”*

Chuir an tAire feirmeoirí agus a gcomhairleoirí ar an eolas ar an méid a leanas i dtaca le talamh thalmhaíochta agus le talamh incháilithe foraoise a dhóitear go neamhdhleathach i rith an tséasúir dhúnta i.e. idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa:

- Níl an talamh sin incháilithe d'íocaíocht faoin Scéim Buníocaíochta agus faoi scéimeanna ceantarbhunaithe eile;
- Ba cheart d'fheirmeoirí a chuir talamh a dódh go neamhdhleathach san áireamh ina n-iarratas ar Scéim Buníocaíochta 2017, atá seolta ar ais chuig an Roinn cheana féin, an talamh seo a bhaint anois trí Fhoirm Leasaithe a sheoladh roimh an dáta deiridh chun leasuithe a fháil, i.e. an 31 Bealtaine nó an 9 Meitheamh (gearrfar pionós);
- Má chuirtear talamh a dódh go neamhdhleathach san áireamh i Scéim Buníocaíochta 2017, b'fhéidir go n-íocfar íocaíocht laghdaithe agus b'fhéidir go ngearrfar pionóis faoin scéim seo agus faoi na scéimeanna ceantarbhunaithe eile, e.g. Scéim na Limistéar faoi Shrian Nádúrtha;
- Sa chás go sainaithnítear, mar chuid den imscrúdú reatha, gur dódh tailte i rith an tséasúir dhúnta, b'fhéidir go ndéanfaidh oifigigh na Roinne cigireacht ar an talamh sin dá bharr.

Mar fhocal scoir, dúirt an tAire; *“Tá imscrúdú gníomhach á dhéanamh ag mo Roinn ar gach ceann de na cásanna de thalamh a dódh go neamhdhleathach le déanaí trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht/na híomhánna satailíte is cothroime le dáta. Ní ghlacfaidh mo Roinn le cásanna inar dódh talamh go neamhdhleathach agus rachaidh sí i mbun na ngníomhartha riachtanacha go léir lena chinntiú go gcloítear le coinníollacha na scéimeanna éagsúla ceantarbhunaithe a chistíonn an AE, íocaíochtaí a laghdú agus pionóis a ghearradh ina measc, sa chás gurb infheidhme.”*

#### **Nóta d'Eagarthóirí**

Rialaítear fásra a dhó sna Achtanna um Fhiadhúlra. Cion é faoi Alt 40 den Acht um Fhiadhúlra, 1976 (arna leasú ag Alt 46 den Acht um Fhiadhúlra, 2000) chun aon fhásra a dhó, ón 1 Márta go dtí an 31 Lúnasa i mbliain ar bith, atá ag fás ar aon talamh nach bhfuil saothraithe ag an tráth sin. Féadfaidh an Garda Síochána an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fíadhúlra (an SPNF) daoine aonair a dheimhnítear a rinne fásra a dhó laistigh den tréimhse thoirmiscthe sin a ionchúiseamh. Níl aon ról ag an RTBM maidir le hionchúisimh.

Tá dualgas ar iarratasóirí faoin Scéim Buníocaíochta agus faoi scéimeanna ceantarbhunaithe eile chun cloí le Tras-Chomhlíonadh, lena n-áirítear ceanglais maidir le fásra a dhó agus an díobháil a dhéantar dá thoradh sin ar thalamh shainithe. Sa chás go ndeimhnítear, ar imscrúdú a dhéanamh nó ar Thras-Thuarascáil a fháil ón SPNF, go raibh iarratasóir freagrach as na ceanglais seo a shárú, féadtar pionós a ghearradh ar íocaíochtaí atá le híoc faoi na scéimeanna seo.

Meastar go bhfuil talamh a dheimhnítear a dódh i rith an tséasúir dhúnta a shonraítear chun talamh a dhó neamh-incháilithe go huathoibríoch faoi na scéimeanna éagsúla tacaíochta.

**CRÍOCH**